**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta*

**2023/0419(NLE)**

6.2.2024

*

# DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an leasaithe ar an gComhaontú, thar ceann an Aontais, idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua maidir le comhar riaracháin, comhrac na calaoise agus aisghabháil éileamh i réimse na cánach breisluacha
(COM(2023)0736 – C9-0007/2024 – 2023/0419(NLE))

An Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

Rapóirtéir: Irene Tinagli

## *Eochair do na siombailí a úsáidtear*

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

## *Leasuithe ar dhréachtghníomh*

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad líne agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann agus go bhfuil sé i gceist é a leasú le dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó trí líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

**ACHOIMRE**

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ........................................................................................................6

# DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an leasaithe ar an gComhaontú, thar ceann an Aontais, idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua maidir le comhar riaracháin, comhrac na calaoise agus aisghabháil éileamh i réimse na cánach breisluacha**
**(COM(2023)0736 – C9-0007/2024 – 2023/0419(NLE))**

**(Comhairliúchán)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle (COM(2023)0736),

– ag féachaint don dréachtleasú ar an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua i leith comhar riaracháin, chomhrac na calaoise agus aisghabháil éileamh i réimse na cánach breisluacha (COM(2023)0736),

– ag féachaint d'Airteagal 113 agus d'Airteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (b), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a chuaigh an Chomhairle i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa (C9-0007/2024),

– ag féachaint do Rialacha 82 agus 114(8) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A9-0000/2024),

1. ag tabhairt a toilithe do thabhairt i gcrích an leasaithe ar an gcomhaontú;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus Ríocht na hIorua.

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Tugtar aghaidh sa togra ar an leasú ar an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Iorua maidir le comhar riaracháin, comhrac na calaoise agus éilimh a aisghabháil i réimse na cánach breisluacha (CBL), a tháinig i bhfeidhm i mí Mheán Fómhair 2018.

Leis an gComhaontú, ceadaítear do Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus don Iorua comhoibriú ar an gcaoi chéanna chun calaois CBL a chomhrac, agus chun cuidiú lena chéile éilimh a aisghabháil i réimse CBL. Ó 2018 i leith, áfach, tugadh isteach roinnt leasuithe ar an gcomhar i réimse CBL idir Ballstáit an Aontais agus uirlisí nua le haghaidh comhar riaracháin:

- feabhas a chur ar líonra Eurofisc trí rialachas treisithe (comhphróiseáil agus anailís sonraí);
- deiseanna nua a thabhairt isteach maidir le fiosrúcháin riaracháin atá le cur i gcrích go comhpháirteach (iniúchtaí comhpháirteacha)
- oibriú le húdaráis eile forfheidhmithe dlí de chuid an Aontais (Europol, OLAF);
- faisnéis bhunriachtanach a roinnt maidir le hallmhairí agus feithiclí.
- uirlisí nua comhair riaracháin a thabhairt isteach, trí mhodhanna eile a cheadú chun faisnéis a mhalartú seachas na foirmeacha caighdeánacha;
- nuashonrú a dhéanamh ar an tagairt dhlíthiúil do na rialacha ginearálta nua maidir le cosaint sonraí san Aontas , agus é a chur in iúl go soiléir nach bhfuil an Comhchoiste idir an tAontas Eorpach agus an Iorua inniúil le haghaidh díospóidí ginearálta maidir le cosaint sonraí.

Trí na hathruithe thuasluaite a chur san áireamh sa leasú ar an gComhaontú, d'fhéadfaí comhar níos fearr agus feabhas a chur ar an gcomhrac i gcoinne calaois CBL, rud a thabharfadh breisluach do Bhallstáit an Aontais agus don Iorua araon. Déanfaidh sé an comhar a ailíniú freisin idir an Iorua agus na Ballstáit leis an struchtúr comhair céanna atá i bhfeidhm faoi láthair idir Ballstáit an Aontais.

De réir Airteagal 218 (6) CFAE, ní féidir leis an gComhairle an cinneadh chun an comhaontú a chur i gcrích a ghlacadh go dtí go dtabharfaidh Parlaimint na hEorpa a tuairim uaithi.

Is geal leis an Rapóirtéir gur tugadh an leasú ar an gcomhaontú déthaobhach seo i gcrích idir AE agus an Iorua agus aontaíonn sé leis an gCoimisiún go bhforáiltear le leasú an chomhaontaithe seo do chreat láidir dlíthiúil le haghaidh comhar láidir idir an Iorua agus na Ballstáit.